LIOSTA NA GCEANGLAS LE HAGHAIDH DÍOLTÓIRÍ CORR-THRÁDÁLA

1. Ní cóir gineadóirí peitril a úsáid.

2. Ní mór aonaid lónadóireachta a úsáideann trealamh cócaireachta gásadhainte a bheith suite sé mhéadar ar a laghad ar shiúl ón gcéad aonad eile. Ní mór aonaid eile a bheith suite trí mhéadar ar a laghad ar shiúl óna chéile.

3. Ní mór sorcóirí Gáis Pheitriliam Leachtaithe (GPL) a stóráil i gcás cruach daingean agus iad a bheith suite in áit shábháilte nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu agus nach bhfuil baol imbhuailte orthu.

4. Ní cóir do gach aonad lónadóireachta sorcóir GPL níos mó ná 75kg a stóráil.

5. Ní mór araidí cruach a sholáthar chun dramhaíl / bruscar a stóráil.

6. Ní mór do lónadóirí dramhaíl a thabhairt ar shiúl go rialta chun baol dóiteáin nó aon ghuais eile a dhíothú.

7. Ní mór múchtóir dóiteáin púdair thirim bhrú stóráilte 4kg a sholáthar le haghaidh aonad lónadóireachta a mbíonn bia á riar ann.

8. Ní mór dhá mhúchtóir dóiteáin púdair thirim bhrú stóráilte 4kg a bheith in aonaid lónadóireachta a bhfuil domhainfhriochtóirí iontu.

9. Ní mór córas uathoibríoch sochta dóiteáin a bheith ar fáil in aonaid mhóra lónadóireachta, m.sh. córas Ansul nó a choibhéis.

10. Ní mór pluid dóiteáin 180cm faoi 180cm a bheith ag aonaid lónadóireachta.

11. Ní cóir aonaid lónadóireachta a chur in aon áit ina gcuirfidh siad bac ar dhaoine ag éalú as aon fhoirgneamh eile.

12. Ní mór gach bealach éalaithe ó aonaid lónadóireachta a choinneáil saor ó bhac.

13. Ní mór do lónadóirí cloí le haon treoir nó le haon chomhairle a thabharfaidh Oifigeach Dóiteáin nó Oifigeach Corr-Thrádála de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

14. I gcás dóiteáin, tóg an gháir agus iarr ar dhaoine den phobal seasamh siar. Má tá sé sábháilte é a dhéanamh, ionsaigh an dóiteán agus tú ag úsáid an trealaimh oiriúnaigh chomhraic dóiteáin is cóngaraí duit. Má tá dainséar ag bagairt, seas siar ón dóiteán.

15. Ní mór do gach ball foirne buntraenáil a bheith aige nó aici i modhanna garchabhrach comhraic dóiteáin agus in úsáid trealaimh gharchabhrach chomhraic dóiteáin.

16. Ní mór go leor eolais, teagaisc, traenála agus maoirseachta i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí a thabhairt do na baill foirne uile ar mhaithe lena sábháilteacht féin agus ar mhaithe le sábháilteacht daoine in aice láimhe a bhféadfadh guaiseanna GPL dul i bhfeidhm orthu.

17. Tá toirmeasc ar chaitheamh tobac laistigh agus lasmuigh den aonad lónadóireachta.

18. Tá toirmeasc ar théitheoirí GPL iniompartha.

19. Ní mór trealamh garchabhrach oiriúnach a chur ar fáil.

20. Ní cóir saoráidí codlata a sholáthar in aonaid lónadóireachta taistil.

21. Is cóir seirbhísiú agus cothabháil rialta a thabhairt do gach trealamh sábháilteachta ó dhóiteáin.
22. Ní mór gach gineadóir agus trealamh GPL a sheirbhísiú agus a chothabháil go rialta.
23. Ní mór gach trealamh cócaireachta a chothabháil in ord maith oibre.

Is é an leagan Béarla an bhunchóip den doiciméad seo.